Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8333/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0111(COD)**

**PECHE 131**
**CODEC 519**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 171 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) .../2022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 171 final.

Faoi iamh: COM(2022) 171 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2022
COM(2022) 171 final

2022/0111 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) .../2022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

De bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[1], is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('Coinbhinsiún ICCAT') ó bhí an 14 Samhain 1997 ann.

Is é príomhchuspóir an togra na leasuithe ar na bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú ('ICCAT') ag a chruinnithe bliantúla in 2006, 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2021 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

Le Coinbhinsiún ICCAT, déantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistíocht tuinníní agus speicis atá cosúil leis an tuinnín san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird trí ICCAT a bhunú.

Tá sé d'údarás ag ICCAT cinntí (moltaí) a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistíocht iascaigh atá faoina chúram, agus tá na cinntí sin ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Is ar na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go háirithe a bhíonn na moltaí sin dírithe, ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí (e.g. máistrí soithigh) freisin. Tá feidhm ag na moltaí sin maidir le limistéar Choinbhinsiún ICCAT amháin, lena gcumhdaítear an mhórmhuir agus limistéir eacnamaíocha eisiacha na bPáirtithe Conarthacha.

In Airteagal VIII(2) de Choinbhinsiún ICCAT, luaitear go mbeidh éifeacht ag moltaí ICCAT maidir le gach Páirtí Conarthach 6 mhí tar éis dháta an fhógra ó Choimisiún ICCAT agus nach mór do na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, sonraítear go rannchuideoidh an tAontas le comhlíonadh docht an dlí idirnáisiúnta. Áirítear leis sin bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe ICCAT a chomhlíonadh.

Le Rialachán (AE) 2017/2107[2], cuireadh bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe ICCAT chun feidhme i ndlí an Aontais de réir mholtaí ICCAT. Cumhdaítear leis an togra seo roinnt leasuithe de réir mholtaí ICCAT a glacadh in 2006, 2016, 2017, 2018 agus 2019 agus ní mór iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2017/2107, agus leis an togra, leasaítear an Rialachán leis na moltaí is déanaí ó ICCAT nár cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais go fóill: bearta maidir le tuinníní trópaiceacha, tuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas, colgán na ndealg, an mairlín gorm agus geal, tuairisciú ar shonraí mairlíní, an mácó biorshrónach, chomh maith le sláinte agus sábháilteacht na mbreathnóirí i gcláir breathnóirí réigiúnacha ICCAT, freagrachtaí na mbreathnóirí eolaíocha, agus nuashonrú ar liosta speicis ICCAT. Ina theannta sin, sa togra tá leasú ar an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627[3], atá lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2107.

---

1 IO L 162, 18.6.1986, lch. 33.
2 IO L 315, 30.11.2017, lch. 1.
3 Togra nár ghlac na comhreachtóirí go fóill – COM (2019) 619 Final an 28.11.2019.

Tá an togra i gcomhréir le Cuid VI (beartas seachtrach) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[4] maidir leis an gcomhbheartas iascaigh, lena bhforáiltear go seolfaidh an tAontas a chuid iascach seachtrach i gcomhréir lena chuid oibleagáidí idirnáisiúnta agus cuspóirí beartais. Áirítear leis sin tacú agus rannchuidiú go gníomhach le gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le cúrsaí iascaigh, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIanna) agus lena n-áirítear tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, comhoibriú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le cúrsaí iascaigh, lena n-áirítear ERBIanna, chun comhlíontacht a neartú.

Comhlánaítear leis an togra Rialachán (AE) 2017/2403[5] maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena bhforáiltear go bhfuil soithí iascaireachta de chuid an Aontais faoi réir údaruithe iascaireachta speisialta ERBI. Comhlánaítear leis an togra seo freisin Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[6] ón gComhairle maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), lena ndéantar foráil maidir le liosta NNN ICCAT a chuimsiú i liosta shoithí NNN an Aontais.

Ní chumhdaítear leis an togra seo deiseanna iascaireachta an Aontais a ndéanann ICCAT cinneadh ina leith gach bliain. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de shaincheart ag an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le praghsanna, tobhaigh, cúnamh agus teorainneacha cainníochtúla a shocrú agus maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a leithdháileadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE ina leagtar amach na forálacha is gá chun cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a shaothrú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais (Airteagal 3(1)(d) CFAE). Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Áiritheofar leis an togra go gcomhlíonfar oibleagáidí ICCAT an Aontais, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle í an rogha ionstraime.

[4] IO L 354; 28.12.2013, lch. 22.
[5] IO L 347; 28.12.2017, lch. 81.
[6] IO L 286; 29.10.2008, lch. 1.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta de chuid na mBallstát agus le hionadaithe tionscail sa tréimhse díreach roimh chruinnithe bliantúla ICCAT ag ar glacadh na moltaí thuasluaite agus le linn chaibidlíocht ICCAT freisin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais moltaí ICCAT a glacadh i gcomhréir le buanchoistí ICCAT um chomhairle eolaíoch agus rialaithe.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais moltaí ICCAT atá ceangailteach ar Pháirtithe Conarthacha.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra seo agus oiriúnacht rialála agus simpliú (REFIT).

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá roinnt forálacha sa togra lena gcumhdaítear Moltaí ICCAT lena n-áirítear an méid seo a leanas: (i) sainmhínithe ar shoithí tacaíochta agus ar fheistí comhbhailithe éisc , cur feistí comhbhailithe éisc FAD, ní snámhach, agus baoi oibríochtúil de réir Mholadh ICCAT 19-02; (ii) teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha, agus toirmeasc ar ábhar muirí aischurtha ó shoithí peas-saighne nach mór a chur chun feidhme i ndlí an Aontais de réir Mholadh ICCAT 17-01; (iii) forálacha nua maidir le FAD a chur in úsáid agus cumhdach breathnóra de réir Mholadh ICCAT 19-02; (iv) forálacha maidir le Tuinníní Colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas de réir Mholtaí ICCAT 16-06 agus 16-07, lena

n-áirítear forálacha maidir le tabhairt anonn, chomh maith le tabhairt anonn cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas de réir Mholtaí ICCAT 17-02 agus 17-03; (v) forálacha maidir le bailiú sonraí le haghaidh cholgáin na ndealg agus mairlíní de réir Mholtaí ICCAT 16-11, 18-05, 19-05; agus (vi) forálacha maidir le tuinníní mórshúileacha a thabhairt anonn de réir Mholadh ICCAT 21-01.

Maidir le siorcanna, tá forálacha nuashonraithe sa togra maidir le sonraí a bhailiú i dtaca le mácónna biorshrónacha agus siorcanna de réir mholtaí ICCAT 19-06, 19-07 agus 19-08. Ina theannta sin, de réir Mholtaí ICCAT (16-14, 16-15, 18-10, 19-10), tá forálacha sa togra maidir le minicíocht tarchurtha sonraí le haghaidh soithí peas-saighne, forálacha nua maidir le Taifead ICCAT ar shoithí iompair, chomh maith le dualgais na mBallstát i dtaca le hiompar faoi chlár breathnóirí réigiúnacha ICCAT, lena n-áirítear cumhdach íosta breathnóra.

Le Moladh ICCAT 19-02 maidir le freagrachtaí na mbreathnóirí eolaíocha, ní mór Rialachán 2017/2107 a nuashonrú, lena n-áirítear cumhdach breathnóra. Sa togra freisin tá dualgais maidir le soithí a aimsiú de réir Mholadh ICCAT 19-09, agus ainmneacha speiceas nua atá cumhdaithe ag ICCAT chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú de réir Mholadh ICCAT 19-01.

Ina theannta sin, moltar sa togra an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil don Tuinnín Gorm a leasú leis an dearbhú ó na Ballstáit i dtaca le tabhairt anonn bhliantúil agus forálacha áirithe maidir le cur i gcaighean, de réir Mholadh ICCAT 06-07, chomh maith le tabhairt anonn bhliantúil tuinníní mórshúileacha de réir Mholadh ICCAT 21-01.

Moltar sa togra freisin leasú a dhéanamh ar chumhachtú an Choimisiúin Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú tar éis athruithe a rinneadh ina dhiaidh sin arna nglacadh ag ICCAT maidir leis an méid seo a leanas: (i) teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha agus tuairisciú a phlean bhliantúil acmhainneachta/iascaireachta; (ii) cuóta bliantúil le haghaidh tuinníní mórshúileacha; tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas agus colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a thabhairt anonn; (iii) pleananna bainistíochta i ndáil le feistí um chomhbhailiú éisc; (iv) an líon baoithe gléasta; (v) ceanglais FAD; (vi) faisnéis atá le cur isteach ag soithí maidir le FADanna; (vii) toirmeasc ar thréimhsí FAD; (viii) srianta ar an líon soithí a dhéanann iascaireacht ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh; (ix) an plean bainistíochta um cholgáin an Atlantaigh Thuaidh; (x) coinníollacha chun gabháil a údarú agus chun mácónna biorshrónacha a choinneáil; (xi) ceanglais chun go dtiocfaidh a oiread turtar mara agus is féidir slán; (xii) céatadán íosta an chumhdaigh breathnóra agus tomhas chéatadán an chumhdaigh; agus (xiii) liosta speicis ICCAT.

2022/0111 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) .../2022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) ag a chruinnithe bliantúla in 2017, 2018, 2019 agus 2021 roinnt beart atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú. Thairis sin, níor chuir an tAontas chun feidhme go fóill bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí de a glacadh ag cruinniú bliantúil ICCAT in 2006 maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta an tuinnín ghoirm.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú chun bearta ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, bearta maidir le tuinníní trópaiceacha, tuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas, colgán na ndealg, an mairlín gorm agus geal, tuairisciú ar shonraí mairlíní, an mácó biorshrónach, chomh maith leis an gclár breathnóirí, freagrachtaí na mbreathnóirí eolaíocha, agus liosta nuashonraithe speicis ICCAT.

(3) Ba cheart Rialachán (AE) XX/2022[3] a leasú chun é a chur chun feidhme i ndlí an Aontais maidir le dearbhú an Bhallstáit feirme i dtaca le tabhairt anonn bhliantúil agus oibleagáidí áirithe maidir le cur i gcaighean.

---

1 IO C […], […], lch. […].

2 Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

3 Togra nár ghlac na comhreachtóirí go fóill – COM (2019) 619 Final an 28.11.2019.

(4) Is dócha go leasófar forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag cruinnithe bliantúla ICCAT amach anseo i ngeall ar bhearta nua teicniúla agus bainistíochta a thabharfar isteach maidir le hiascach a rialaítear faoi Choinbhinsiún ICCAT. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a chur chun feidhme go tapa i ndlí an Aontais roimh thús an tséasúir iascaireachta, ní mór an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na gnéithe seo a leanas: teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha agus tuairisciú a phlean bhliantúil acmhainneachta/iascaireachta; tabhairt anonn bhliantúil tuinníní mórshúileacha, thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas agus cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas; pleananna bainistíochta i ndáil le feistí comhbhailithe éisc (FADanna); an líon baoithe gléasta; ceanglais FAD; faisnéis atá le cur isteach ag soithí maidir le FADanna; toirmeasc ar thréimhsí FAD; srianta ar an líon soithí a bhfuil iascaireacht á déanamh acu ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh; an plean bainistíochta um cholgáin an Atlantaigh Thuaidh; coinníollacha chun gabháil a údarú agus chun mácónna biorshrónacha a choinneáil; ceanglais chun go dtiocfaidh a oiread turtar mara agus is féidir slán; céatadán íosta an chumhdaigh breathnóra agus tomhas chéatadán an chumhdaigh; agus liosta speicis ICCAT a leasú.

(5) Níor cheart méadú a theacht ar líon na soithí tacaíochta a oibríonn mar thacaíocht do shoithí peas-saighne ón líon soithí a taifeadadh i mí an Mheithimh 2020 mar a leagtar amach i Moladh ICCAT 21-01. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do chosaint an ionchais dhlisteanaigh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2017/2107 agus XX/2022 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2107***

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2017/2107 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

a) cuirtear isteach an abairt seo a leanas i bpointe (20):

‘, agus feiste comhbhailithe éisc a chur in úsáid, a sheirbhísiú agus a aisghabháil.’

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (24):

‘(24) Ciallaíonn “feiste comhbhailithe éisc” (FAD) ní, struchtúr nó feiste buan, leathbhuan nó sealadach d’aon ábhar, bíodh sé nádúrtha nó de dhéantús an duine, a imscartar agus/nó a rianaítear, agus a úsáidtear chun éisc a chomhbhailiú lena ngabháil ina dhiaidh sin. Is féidir leis na FADanna a bheith ar ancaire (aFAD) nó ar fuaidreamh (dFAD);’

c) cuirtear isteach pointe (30):

'(30) Ciallaíonn 'cur FAD' trealamh iascaireachta a shocrú timpeall scoil tuinníní atá bainteach le FAD;'

d) cuirtear isteach pointe (31):

'(31) Ciallaíonn 'ní snámhach' aon ní nádúrtha nó saorga atá ar snámh (i.e. ar an dromchla nó ar an bhfodhromchla) nach bhfuil ar a chumas gluaiseacht as féin;'

e) cuirtear isteach pointe (32):

'(32) Ciallaíonn 'baoi oibríochtúil' aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a chur in úsáid roimhe ar muir, a tharchuireann suíomh agus aon fhaisnéis eile atá ar fáil amhail meastacháin sondálaí fuaime;'

f) cuirtear pointe (33) isteach:

'(33) Ciallaíonn 'mairlíní' speicis den fhine *Istiophoridae* atá á mbainistiú ag ICCAT.'

(2) Cuirtear isteach Airteagal 5a mar a leanas:

'*Airteagal 5a*

***Teorainn acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha***

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit plean bliantúil acmhainneachta/iascaireachta ar aird.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainisteofar acmhainneacht fhoriomlán a gcabhlach spiléireachta agus peas-saighne i gcomhréir leis na pleananna bliantúla acmhainneachta/iascaireachta, go háirithe chun teorainn a chur le gabháil tuinníní trópaiceacha, i gcomhréir leis na teorainneacha gabhála arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

3. Ní mhéadóidh na Ballstáit líon a soithí tacaíochta a oibríonn mar thacaíocht do shoithí peas-saighne ón líon soithí a taifeadadh i mí an Mheithimh 2020.

4. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún na dátaí a bhainfear úsáid as a dteorainn ghabhála iomlán maidir le speicis tuinníní trópaiceacha. Scaipfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin go pras ar Rúnaíocht ICCAT.

5. Maidir le soithí peas-saighne agus soithí spiléireachta móra de chuid an Aontais (LOA 20 m nó níos faide), tuairisceoidh na Ballstáit gabhálacha tuinníní trópaiceacha don Choimisiún ar bhonn míosúil, agus tuairisceoidh siad don Choimisiún gach seachtain nuair a ghabhfar 80 % dá gcuid teorainneacha gabhála.'

(3) Cuirtear isteach Airteagal 6a mar a leanas:

'*Airteagal 6a*

***Toirmeasc ar aischur tuinníní trópaiceacha arna ngabháil ag soithí peas-saighne de chuid an Aontais***

1. Soithí peas-saighne de chuid an Aontais atá údaraithe tuinníní trópaiceacha a iascach, déanfaidh siad gach tuinnín trópaiceach a ghabhtar a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú chuig calafort, ach amháin sna cásanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 3.

2. Aon tuinnín trópaiceach a ghabhfaidh peas-saighne de chuid an Aontais, ní féidir é a aischur le linn an chuir nuair a dhúnfar an eangach go hiomlán agus nuair a aisghabhfar breis agus leath na heangaí. Má bhíonn fadhb theicniúil leis an nós imeachta um eangach a dhúnadh nó a aisghabháil a fhágann nach féidir an riail sin a chur i bhfeidhm, déanfaidh an criú gach iarracht na tuinníní a scaoileadh isteach san uisce a luaithe is féidir.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar tuinníní trópaiceacha a aischur sna cásanna seo a leanas:

a) nuair a chinneann máistir an tsoithigh go bhfuil na tuinníní trópaiceacha a gabhadh i bhfostú nó brúite sa pheas-saighean; nó go ndearnadh damáiste dóibh mar gheall ar fhoghail; nó go bhfuair siad bás agus gur lobh siad san eangach i ngeall ar chliseadh trealaimh a chuir cosc leis na gnáthghníomhaíochtaí maidir leis an eangach a aisghabháil, maidir leis an iascaireacht agus maidir leis na héisc a scaoileadh beo;

b) nuair a chinneann máistir an tsoithigh gur gabhadh na tuinníní trópaiceacha le linn an chuir deiridh agus nach bhfuil dóthain acmhainneachta stórála ann chun na tuinníní trópaiceacha a gabhadh sa chur sin a stóráil. Ní fhéadfar na héisc sin a aischur ach amháin más féidir na tuinníní a scaoileadh beo agus ar choinníoll nach ndéanfar aon oibríocht iascaireachta eile, go dtí go ndéanfar na tuinníní ar bord an tsoithigh a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú.

4. Tuairisceoidh máistir an tsoithigh iascaireachta gach ábhar muirí aischurtha a tugadh faoi deara dá Bhallstát brataí. Seolfaidh na Ballstáit na tuarascálacha maidir leis an ábhar muirí aischurtha chuig an gCoimisiún mar chuid de shonraí thascanna I agus II.'

(4) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Soithí iascaireachta mórscála nach bhfuil i dtaifead ICCAT de shoithí údaraithe tuinníní trópaiceacha, lena n-áirítear soithí tacaíochta, ní cheadófar dóibh tuinníní trópaiceacha i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a aistriú, a phróiseáil ná a thabhairt i dtír, ná aon chineál tacaíochta a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear FADanna agus/nó baoithe a chur in úsáid nó a aisghabháil. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sna cásanna sin.'

b) cuirtear isteach mír 3:

'3. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil údaraithe le tuinníní trópaiceacha a iascach de bhun Airteagal 6 den Rialachán seo, féadfar foghabháil tuinníní trópaiceacha a cheadú dóibh i gcomhréir le huasteorainn foghabhála ar bord a bhunófar le haghaidh soithí den sórt sin. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an uasteorainn foghabhála a cheadaítear dá soithí agus tabharfaidh siad faisnéis maidir leis an gcaoi a n-áirithíonn siad go gcomhlíontar an teorainn.'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin liosta de na soithí údaraithe, a mbíonn a mbratach ar foluain orthu, a rinne tuinníní trópaiceacha a iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT nó a thug aon chineál

tacaíochta don ghníomhaíocht iascaireachta (soithí tacaíochta) sa bhliain féilire roimhe sin. Maidir le soithí peas-saighne, áireofar leis an liosta sin freisin na soithí tacaíochta a thacaigh leis an ngníomhaíocht iascaireachta, gan beann ar a mbratach. Faoin 31 Iúil gach bliain, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht ICCAT faoi na liostaí a fuarthas ó na Ballstáit.'

(6) Cuirtear isteach Airteagal 8a mar a leanas:

*'Airteagal 8a*

***Tearcúsáid agus barrachas tuinníní mórshúileacha***

1. Aon chuid de chuóta bliantúil nó de theorainn ghabhála an Bhallstáit nach n-úsáidfear nó farasbarr an chuóta/na gabhála sin, féadfar í/é a chur leis an gcuóta/teorainn ghabhála ar leith nó bainfear as an gcuóta/teorainn í/é, de réir an cháis, le linn na bliana coigeartaithe nó roimh an mbliain choigeartaithe de réir mholtaí ICCAT atá i bhfeidhm maidir le tuinníní mórshúileacha.

2. An tearcúsáid uasta is féidir le Ballstát a thabhairt anonn in aon bhliain ar leith, ní féidir leis an méid a cheadóidh ICCAT sa bhliain áirithe sin a shárú.'

(7) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> '4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh níos mó ná 300 FAD in aghaidh an tsoithigh ag a mbeidh baoithe oibríochtúla atá gníomhach in úsáid ag aon am amháin.'

b) cuirtear isteach mír 5:

> '5. Déanfar an líon FADanna ag a bhfuil baoithe oibríochtúla a fhíorú trí bhillí teileachumarsáide a fhíorú. Is iad údaráis inniúla an Bhallstáit a dhéanfaidh fíoruithe den sórt sin.'

c) cuirtear isteach mír 6:

> '6. Féadfaidh na Ballstáit a soithí peas-saighne a údarú le nithe snámhacha a chur ar choinníoll go bhfuil breathnóir nó córas faireacháin leictreonach atá ag feidhmiú ar bord an tsoithigh iascaireachta atá in ann cineál an chuir agus comhdhéanamh na speiceas a fhíorú, agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a sholáthar do Bhuanchoiste ICCAT um Thaighde agus Staidreamh.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(2) agus (3):

'2. Agus FADanna á n-úsáid nó á ndearadh acu, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

> a) nach rachaidh gach FAD a chuirfear in úsáid i bhfostú i gcomhréir leis na treoirlínte faoi Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Moladh 19-02;
>
> b) go ndéanfar gach FAD as ábhair in-bhithdhíghrádaithe, lena n-áirítear neamhphlaistigh, cé is moite d'ábhair a úsáidfear chun baoithe rianaithe FAD a dhéanamh;

3. Tuairisceoidh na Ballstáit gach bliain maidir leis na céimeanna a ghlactar chun mír 2 dá bPleananna Bainistíochta FAD a chomhlíonadh.'

(9) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(e):

‘(e) Tuairisc loga nó aitheantóir FAD (i.e., marcáil FAD agus aitheantas baoithe nó faisnéis ar bith lenar féidir an t-úinéir a shainaithint);’

b) cuirtear pointe 2(g) isteach:

‘(g) Aitheantas baoithe.’

c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3(c):

‘(c) Aitheantóir FAD (i.e., marcáil FAD agus aitheantas baoithe).’

d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Coimeádfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais liosta de na FADanna atá curtha in úsáid, agus tabharfar an liosta cothrom le dáta ar bhonn míosúil de réir dhronuilleoga staidrimh 1°x1°, agus ar an liosta beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III ar a laghad.’

(10) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) líon agus cineál na rabhchán/na mbaoithe (e.g. raidió, sonóir amháin, sonóir le sondálaí fuaime) a chuirtear in úsáid ar bhonn míosúil de réir dhronuilleoga staidrimh 1°x1°;’

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) na meánlíonta rabhchán/baoithe a ghníomhachtaítear agus a dhíghníomhachtaítear ar bhonn míosúil a lean gach soitheach;’

c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) meánlíonta FADanna a chailltear ar bhonn míosúil ag a bhfuil baoithe gníomhacha;’

d) cuirtear isteach pointí (f) agus (g):

‘(f) gabhálacha agus iarracht na soithí peas-saighne agus na mbád baoite, agus líon na gcur (i gcás soithí peas-saighne) de réir modh iascaireachta (scoileanna a bhaineann le nithe snámhacha agus iascaigh scoile saoire) i gcomhréir le ceanglais sonraí Thasc II (i.e. de réir dhronuilleoga staidrimh 1°x1° agus in aghaidh na míosa);

(g) nuair a dhéantar gníomhaíochtaí soithí peas-saighne i gcomhar le báid bhaoite, gabhálacha agus iarracht soithí peas-saighne a bhaineann le báid bhaoite a thuairisciú i gcomhréir le sonraí Thasc I agus ceanglais sonraí Thasc II.’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*‘Airteagal 14*

***Cumhdach breathnóra agus toirmeasc ar FAD a chur in úsáid i ndáil le hógánaigh a chosaint.***

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a soithí FADanna ar fuaidreamh le linn tréimhse 15 lá roimh thús na dtréimhsí coiscthe arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

2. Na Ballstáit a ndíríonn a soithí ar thuinníní trópaiceacha, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

a) maidir lena soithí spiléireachta atá 20 méadar ar fad nó níos faide, áiritheoidh siad cumhdach breathnóra 10 % ar a laghad ar an iarracht iascaireachta faoi 2022, trí bhreathnóir daonna a bheith ar bord i gcomhréir le hIarscríbhinn IV agus/nó trí chóras faireacháin leictreonach;

b) maidir lena soithí peas-saighne, cumhdach breathnóra 100 % ar an iarracht iascaireachta a áirithiú, trí bhreathnóir a bheith ar bord i gcomhréir le hIarscríbhinn IV nó trí chóras faireacháin leictreonach formheasta;

c) an fhaisnéis a bhailigh na breathnóirí nó an córas faireacháin leictreonach ón mbliain roimhe sin a thuairisciú do Rúnaíocht ICCAT agus do Bhuanchoiste ICCAT um Thaighde agus Staidreamh faoin 30 Aibreán agus ceanglais rúndachta á gcur san áireamh.'

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

*'Airteagal 16*

***Iascaireacht NNN a shainaithint***

'Má chuireann Rúnaí Feidhmiúcháin ICCAT an Coimisiún ar an eolas faoi shárú a d'fhéadfadh a bheith déanta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar Airteagal 7(2) nó Airteagal 14(1) nó Airteagal 14(2), cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl don Bhallstát brataí lena mbaineann gan mhoill. Déanfaidh an Ballstát sin an cás a imscrúdú gan mhoill agus, má bhíonn an soitheach ag iascaireacht i gcomhar le nithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhbhailiú éisc, lena n-áirítear FADanna, le linn na tréimhse coiscthe, iarrfaidh sé ar an soitheach scor den iascaireacht agus, más gá, an limistéar a fhágáil gan mhoill. Tuairisceoidh an Ballstát brataí lena mbaineann don Choimisiún gan mhoill maidir le torthaí a chuid imscrúduithe agus na bearta a rinneadh mar thoradh orthu. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an Stát cósta agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin ICCAT.'

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil II:

'CAIBIDIL II

**Tuinníní Colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas**'

(14) Cuirtear isteach Airteagal 17a:

*'Airteagal 17a*

***Údaruithe sonracha le haghaidh soithí gabhála mórscála a dhíríonn ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas***

1. Déanfaidh na Ballstáit údaruithe iascaireachta a eisiúint, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/2403,[4] do shoithí gabhála mórscála a bhfuil a mbratach ar foluain orthu le tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

2. Soithí iascaireachta mórscála nach bhfuil i dtaifead ICCAT de shoithí údaraithe a dhíríonn ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas, ní cheadófar dóibh tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas i

[4] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

limistéar Choinbhinsiún ICCAT a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a aistriú, a phróiseáil ná a thabhairt i dtír. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sna cásanna sin.

3. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil údaraithe le tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a iascach de bhun mhír 1, féadfar foghabháil thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a cheadú dóibh i gcomhréir le huasteorainn foghabhála ar bord le haghaidh soithí den sórt sin. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an uasteorainn foghabhála a cheadaíonn sé dá soithí.'

(15) Cuirtear isteach Airteagal 17b:

*'Airteagal 17b*

***Tearcúsáid agus barrachas thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus thuinníní colgacha an Atlantaigh Theas***

1. Aon chuid de chuóta bliantúil nó de theorainn ghabhála an Bhallstáit nach n-úsáidfear nó farasbarr an chuóta/na gabhála sin, féadfar í/é a chur leis an gcuóta/teorainn ghabhála ar leith nó bainfear as an gcuóta/teorainn í/é, de réir an cháis, le linn na bliana coigeartaithe nó roimh an mbliain choigeartaithe de réir mholtaí ICCAT atá i bhfeidhm maidir le tuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus tuinníní colgacha an Atlantaigh Theas.

2. An tearcúsáid uasta is féidir le Ballstát a thabhairt anonn in aon bhliain ar leith, ní sháróidh sé an méid a cheadóidh ICCAT sa bhliain áirithe sin.'

(16) Cuirtear isteach Airteagal 17c:

*'Airteagal 17c*

***Taifead ar ghabhálacha thuinníní colgacha an Atlantaigh Theas***

Na Ballstáit a ndéanann a soithí tuinníní colgacha an Atlantaigh Theas a ghabháil, tuairisceoidh siad gabháil chruinn agus bhailíochtaithe thuinníní colgacha an Atlantaigh Theas do Rúnaíocht ICCAT mar chuid de shonraí Thasc I agus sonraí Thasc II dá dtagraítear in Airteagal 50.'

(17) Cuirtear isteach Airteagal 18a:

*'Airteagal 18a*

***Údaruithe sonracha le haghaidh soithí gabhála mórscála a dhíríonn ar cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas***

1. Déanfaidh na Ballstáit údaruithe a eisiúint, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/2403, do shoithí gabhála mórscála a bhfuil a mbratach ar foluain orthu le colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

2. Soithí iascaireachta mórscála nach bhfuil i dtaifead ICCAT de shoithí údaraithe a dhíríonn ar cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas, ní cheadófar dóibh colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas ó limistéar Choinbhinsiún ICCAT a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a

aistriú, a phróiseáil ná a thabhairt i dtír. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sna cásanna sin.

3. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil údaraithe le colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a iascach de bhun mhír 1, féadfar foghabháil cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas a cheadú dóibh i gcomhréir le huasteorainn foghabhála ar bord le haghaidh soithí den sórt sin. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an uasteorainn foghabhála a cheadaíonn sé dá soithí.'

(18) Cuirtear isteach Airteagal 18b:

*'Airteagal 18b*

***Gabháil tearcúsáide cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas***

1. Aon chuid de chuóta bliantúil nó de theorainn ghabhála an Bhallstáit nach n-úsáidfear, féadfar í a chur leis an gcuóta/teorainn ghabhála ar leith le linn na bliana coigeartaithe nó roimh an mbliain choigeartaithe de réir mholtaí ICCAT atá i bhfeidhm maidir le colgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas.

2. Tearcúsáid uasta cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas is féidir le Ballstát a thabhairt anonn in aon bhliain ar leith, ní sháróidh sí an méid a cheadóidh ICCAT sa bhliain áirithe sin.'

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil IV:

'CAIBIDIL IV

**Colgáin na ndealg, mairlíní gorma, mairlíní geala, agus mairlíní cruinnghainneacha**'

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

*'Airteagal 27a*

***Mairlíní gorma, mairlíní geala agus mairlíní cruinnghainneacha a ghabhtar beo a scaoileadh saor***

1. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh 80 % dá gcuóta ídithe, áiritheoidh na Ballstáit go scaoilfidh na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain orthu gach mairlín gorm (*Makaira nigricans*), gach mairlín geal (*Tetrapturus albidus*) agus gach mairlín cruinnghainneach (*Tetrapturus georgei*) atá ina mbeatha go fóill tráth a thugtar ar bord iad.

2. Scaoilfidh soithí spiléir peiligeacha de chuid an Aontais agus soithí peas-saighne de chuid an Aontais saor go pras mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha atá ina mbeatha tráth a thugtar ar bord iad, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht an chriú, ar an mbealach is lú díobháil agus ar bhealach le go dtiocfaidh a oiread iasc agus is féidir slán.

3. Spreagfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na n-íoschaighdeán maidir leis na nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte agus um scaoileadh beo a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-05 trí threoirlínte a sholáthar dá gcabhlach. Beidh gaireas ardaithe, gearrthóir boltaí, uirlis bainte duáin/scaoilte duáin agus

gearrthóir líne ar fáil go héasca ar deic na soithí iascaireachta agus beidh rochtain éasca ag an gcriú orthu chun mairlíní beo a ghabhtar a scaoileadh go sábháilte.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oiliúint leormhaith ar chaptaen agus ar chriú a soithí iascaireachta, go mbeidh siad ar an eolas faoi na teicnící cearta maolaithe, aitheantais, láimhseála agus scaoilte agus go n-úsáidfidh siad na teicnící sin, agus áiritheoidh na Ballstáit freisin go gcoinneofar ar bord an trealamh uile is gá chun mairlíní a scaoileadh i gcomhréir leis na híoschaighdeáin maidir leis na nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-05 trí threoirlínte a sholáthar dá gcabhlach.

5. Féachfaidh na Ballstáit le básmhaireacht mairlíní/mairlíní cruinnghainneacha i ndiaidh an scaoilte saor a íoslaghdú in iascaigh ICCAT.

6. Féadfaidh na Ballstáit a soithí spiléir peiligeacha agus a soithí peas-saighne a údarú le mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha atá marbh a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, laistigh dá dteorainneacha maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.'

(21) In Airteagal 29, cuirtear isteach mír 5:

'5. In iascaigh áineasa, scaoilfear aon iasc saor ar an mbealach is lú díobháil.'

(22) Cuirtear isteach Airteagal 29bis:

*'Airteagal 29bis*

***Sonraí a bhailiú le haghaidh cholgáin na ndealg***

Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le gabhálacha cholgáin na ndealg, lena n-áirítear ábhar muirí aischurtha atá beo agus marbh, agus tuairisceoidh siad na sonraí sin gach bliain mar chuid de thíolacadh sonraí Thascanna I agus II chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe ar stoc.'

(23) Cuirtear isteach Airteagal 29ter:

*'Airteagal 29ter*

***Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú***

1. Cuirfidh na Ballstáit cláir maidir le bailiú sonraí chun feidhme lena n-áiritheofar tuairisciú ar shonraí cruinne i dtaca le gabháil mairlíní, iarracht, méid agus ábhar muirí aischurtha do ICCAT i gcomhréir iomlán le ceanglais ICCAT maidir le sonraí Thascanna I agus II a thíolacadh.

2. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin a mbileoga seiceála cur chun feidhme maidir le mairlíní de bhun Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 18-05, lena n-áirítear faisnéis i dtaca leis na gníomhaíochtaí atá déanta acu sa bhaile chun faireachán a dhéanamh ar ghabhálacha agus chun mairlíní a chaomhnú agus a bhainistiú.

3. Mura dtuairisceofar sonraí Thasc I, lena n-áirítear ábhar muirí aischurtha marbh, maidir le mairlíní gorma agus mairlíní geala/cruinnghainneacha i gcomhréir le Moltaí ICCAT 01-16 agus 11-15, toirmeascfar na speicis sin a choinneáil.'

(24) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

*'Airteagal 33*

***An mácó biorshrónach (Isurus oxyrinchus)***

1. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh saor go pras ar an mbealach is lú díobháil, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht an chriú ag an am céanna.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a soithí a údarú le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(i) tá an mácó biorshrónach marbh nuair a thugtar le taobh é chun é a thabhairt ar bord an tsoithigh;

(ii) ní sháraíonn an líon mácónna biorshrónacha a choinnítear an meánlíon mácónna biorshrónacha a thugann an soitheach iascaireachta i dtír agus breathnóir ar bord, agus déantar an méid sin a fhíorú le logleabhair éigeantacha agus trí iniúchadh a dhéanamh ar an tabhairt i dtír ar bhonn an mheasúnaithe riosca.

3. Thairis sin, i gcás soithí atá níos faide ná 12 m, ní fhéadfaidh na Ballstáit a soithí a údarú le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a iascach agus a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír ach amháin sna cásanna seo a leanas, i dteannta na gcoinníollacha dá bhforáiltear i mír 2:

a) tá breathnóir nó córas faireacháin leictreonach atá ag feidhmiú ar bord an tsoithigh lenar féidir a fháil amach an bhfuil an t-iasc marbh nó beo;

b) bailíonn an breathnóir sonraí faoi líon na n-iasc a bhfuil duán iontu, fad coirp, gnéas, riocht, aibíocht (an bhfuil an t-iasc torrach agus méid an áil) agus meáchan na dtáirgí le haghaidh gach mácó bhiorshrónaigh a ghabhtar chomh maith leis an iarracht iascaireachta; agus

c) nuair nach gcoinneofar mácónna biorshrónacha, déanfaidh an breathnóir líon an ábhair mhuirí aischurtha mharbh agus líon na n-iasc a scaoilfear beo a thaifeadadh nó déanfar iad a mheas ó thaifid an chórais faireacháin leictreonaigh.

4. Moltar don bhreathnóir freisin samplaí bitheolaíocha a bhailiú amhail fíocháin mhatánacha (chun stoc a shainaithint), orgáin atáirgthe le suth (chun timthriall an toirchis agus aschur atáirgthe a shainaithint) agus veirteabraí (chun meastachán a dhéanamh ar an gcuar fáis). Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann anailís a dhéanamh ar na samplaí bitheolaíocha a bhaileoidh an breathnóir agus ba cheart don Choimisiún an toradh a chur faoi bhráid an Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh.

5. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún freisin líon an ábhair mhuirí aischurtha marbh agus líon mhácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a scaoilfear beo, líonta a mheasfar bunaithe ar iarracht iascaireachta iomlán a gcabhlach ábhartha agus úsáid á baint as sonraí a bhaileofar trí chláir breathnóirí nó trí chláir ábhartha eile maidir le bailiú sonraí. Na Ballstáit nach n-údaraíonn a soithí le mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Thuaidh a iascach agus a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, déanfaidh siad líon an ábhair mhuirí aischurtha mharbh agus líon mhácónna biorshrónacha an

Atlantaigh Thuaidh a scaoilfear beo a thaifeadadh. Tuairisceoidh an Coimisiún an méid sin don Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh.

(25) Cuirtear isteach Airteagal 36bis:

*'Airteagal 36bis*

***Sonraí a bhailiú le haghaidh siorcanna***

1. Cuirfidh na Ballstáit cláir maidir le bailiú sonraí chun feidhme lena n-áiritheofar tuairisciú ar shonraí cruinne i dtaca le gabháil siorcanna, iarracht, méid agus ábhar muirí aischurtha do ICCAT i gcomhréir iomlán leis na ceanglais maidir le sonraí Thascanna I agus II a sholáthar.

2. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin a mbileog seiceála cur chun feidhme maidir le siorcanna de bhun Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 18-06, lena n-áirítear faisnéis i dtaca leis na gníomhaíochtaí atá déanta acu sa bhaile chun faireachán a dhéanamh ar ghabhálacha agus chun siorcanna a chaomhnú agus a bhainistiú.'

(26) Cuirtear isteach Airteagal nua 44bis:

*'Airteagal 44bis*

***Córas um fhaireachán soithí***

'Sa bhreis ar fhorálacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[5], áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh gléasanna rianaithe satailíte na soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain orthu ag buanfheidhmiú go ceart agus go leanúnach, agus go mbaileofar agus go dtarchuirfear an fhaisnéis ar a laghad uair amháin gach uair an chloig i gcás soithí peas-saighne.'

(27) Leasaítear Airteagal 54 mar a leanas: cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, ní mór dó teacht leis an bhformáid agus leis an leagan amach a bhunaigh Rúnaí Feidhmiúcháin ICCAT agus áireofar ann an fhaisnéis seo a leanas:

- ainm an tsoithigh, an uimhir chlárúcháin
- Uimhir Thaifid ICCAT (más ann di)
- Uimhir IMO
- an t-ainm a bhí uirthi roimhe (más ann dó)
- an bhratach a bhí aici roimhe (más ann di)
- mionsonraí a bhí ann roimhe maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh)
- comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió
- cineál soithí, fad, olltonnáiste cláraithe (OTC) agus acmhainn iompair

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

– ainm agus seoladh na n-úinéirí agus na n-oibreoirí

– an cineál transloingsithe a údaraítear (i.e., i gcalafort agus/nó ar muir)

– tréimhse ama údaraithe le haghaidh trasloingsiú.'

(28) Cuirtear isteach Airteagal nua 58bis:

*Airteagal 58bis*

***Sláinte agus sábháilteacht na mbreathnóirí i gcláir breathnóirí réigiúnacha ICCAT***

'1. I gcás soithí ar a mbeidh breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT ar bord, áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh na soithí feistithe leis an trealamh sábháilteachta iomchuí le haghaidh gach turais ina iomláine, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) rafta tarrthála ina mbeidh toilleadh leordhóthanach le haghaidh gach duine ar bord agus ag a mbeidh deimhniú cigireachta a bheidh bailí ar feadh na tréimhse a bheidh an breathnóir ar bord an tsoithigh;

b) dóthain seaicéad tarrthála nó forchultacha sábháilteachta do gach duine ar bord, a chomhlíonann na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha; agus

c) Rabhchán Raidió lena léirítear Suíomh Éigeandála (EPRIB) a bheidh cláraithe i gceart agus Trasfhreagróir Cuardaigh agus Tarrthála (SART) nach rachaidh in éag go dtí go dtiocfaidh deireadh le tréimhse an bhreathnóra ar bord an tsoithigh.

2. Soithí na mBallstát ar a mbeidh breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT ar bord, déanfaidh siad Plean Gníomhaíochta Éigeandála (EAP) a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bheidh le leanúint i gcás ina bhfaighidh breathnóir bás, i gcás ina mbeidh sé ar iarraidh nó i gcás ina dtoimhdeofar é a bheith tite thar bord, i gcás ina mbeidh tinneas nó gortú tromchúiseach air a chuireann a shláinte, a shábháilteacht nó a leas i mbaol, nó i gcás ina ndéanfar ionsaí, bagairt nó ciapadh air nó i gcás ina ndéanfar imeagla a chur air. Ní mór na heilimintí in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-10 a áireamh, *inter alia*, in EAPanna den sórt sin.

3. Soithí na mBallstát ar a mbeidh breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT ar bord, cuirfidh siad EAPanna faoi bhráid an Choimisiúin chun iad a phostáil ar shuíomh gréasáin ICCAT. Soláthrófar EAPanna nua nó leasaithe don Choimisiún chun iad a phostáil nuair a bheidh fáil orthu.

4. Ní bheidh soithí de chuid an Aontais incháilithe le breathnóir ó chlár breathnóirí réigiúnacha de chuid ICCAT a bheith ar bord ach amháin má chuireann siad EAP isteach. Thairis sin, má shainaithníonn an Coimisiún neamhréireanna leis na caighdeáin a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh 19-10 ar bhonn na faisnéise in EAP, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go gcuirfear moill ar bhreathnóir a chur ar bord soithigh de chuid an Bhallstáit brataí lena mbaineann go dtí go dtabharfar aghaidh ar an neamhréir go leordhóthanach.'

(29) Leasófar Airteagal 61 mar a leanas:

a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) cumhdach breathnóra 5 % ar a laghad ar an iarracht iascaireachta i ngach ceann de na hiascaigh spiléir pheiligeacha agus peas-saighne, agus na hiascaigh ina ndéantar iascaireacht le báid bhaoite, gaistí, eangacha geolbhaigh agus le trálaeir.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfar céatadán an chumhdaigh a thomhas mar a leanas:

a) maidir le hiascach peas-saighne, de réir líon na gcur nó líon na dturas;

b) maidir le hiascach spiléir peiligeach, de réir laethanta iascaireachta, líon na gcur, nó líon na dturas;

c) maidir le hiascach ina ndéantar iascaireacht le báid bhaoite agus le gaistí, de réir laethanta iascaireachta;

d) maidir le hiascach ina ndéantar iascaireacht le heangacha geolbhaigh, de réir uaireanta iascaireachta nó laethanta iascaireachta; agus

e) maidir le hiascach ina ndéantar iascaireacht le trálaeir, de réir gabhálacha iascaireachta nó laethanta iascaireachta.’

(30) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63:

*‘Airteagal 63*

***Cúraimí breathnóirí eolaíocha***

1. Ceanglóidh gach Ballstát ar bhreathnóirí na nithe seo a leanas, *inter alia*, a dhéanamh:

(a) faisnéis faoi ghníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh ar a mbreathnófar a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) bailiú sonraí, lena n-áirítear spriocghabháil iomlán, ábhar muirí aischurtha agus foghabháil (lena n-áirítear siorcanna, turtair mhara, mamaigh farraige agus éanlaith mhara) a chainníochtú, comhdhéanamh na méideanna a mheas agus a thomhas a oiread is indéanta, stádas diúscartha (i.e., ábhar coinnithe ar bord, aischurtha agus é marbh, nó scaoilte saor ina bheatha), agus bailiú samplaí bitheolaíocha le haghaidh staidéar saolréime (e.g. gónaid, otailití, dealga, lanna);

(ii) na clibeanna go léir a gheofar a bhailiú agus a thuairisciú;

(iii) faisnéis faoin oibríocht iascaireachta, lena n-áirítear suíomh na gabhála de réir domhanleithid agus domhanfhaid; faisnéis maidir leis an iarracht iascaireachta (e.g. líon na gcur, líon na nduán, etc.); dáta gach oibríochta iascaireachta, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, am tosaithe agus am stad na gníomhaíochta iascaireachta; an úsáid a bhaintear as nithe um chomhbhailiú éisc, lena n-áirítear FADanna; agus bail ghinearálta na n-ainmhithe a scaoiltear saor i gcoibhneas le rátaí marthanais na n-ainmhithe sin (i.e. marbh/ina mbeatha, gortaithe, etc.).

(b) breathnú agus taifead a dhéanamh ar úsáid na mbeart maolaithe chun gabhálacha de thaisme a laghdú agus faisnéis ábhartha eile;

(c) breathnú ar dhálaí comhshaoil agus iad a thuairisciú, a mhéid is féidir (e.g. staid na farraige, aeráid agus paraiméadair hidreolaíocha, etc.);

(d) breathnú ar FADanna agus iad a thuairisciú, i gcomhréir le clár breathnóirí réigiúnacha ICCAT a glacadh faoin gclár ilbhliantúil um chaomhnú agus bainistíocht tuinníní trópaiceacha; agus

(e) aon chúram eolaíoch eile a dhéanamh mar a mhol an Buanchoiste um Thaighde agus Staidreamh agus mar a chomhaontaigh an Coimisiún.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh breathnóirí an méid seo a leanas:

(a) ní chuirfidh siad isteach ar threalamh leictreonach an tsoithigh;

(b) beidh siad eolach ar nósanna imeachta práinne atá i bhfeidhm ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomh na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin agus na bhfearas garchabhrach;

(c) déanfaidh siad cumarsáid, de réir mar is gá, leis an Máistir faoi shaincheisteanna agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;

(d) ní chuirfidh siad bac ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ná ar ghnáthoibríochtaí an tsoithigh ná ní chuirfidh siad isteach orthu sin;

(e) glacfaidh siad páirt i seisiún nó i seisiúin faisnéisithe in éineacht leis na hionadaithe iomchuí ón institiúid eolaíoch nó ón údarás intíre atá freagrach as clár na mbreathnóirí a chur chun feidhme;

3. Máistrí na soithí ar chucu a sannfar an breathnóir, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) ceadóidh siad rochtain iomchuí ar an soitheach agus ar oibríochtaí an tsoithigh;

(b) ceadóidh siad don bhreathnóir a chuid nó a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) rochtain iomchuí a thabhairt ar threalamh an tsoithigh, ar an doiciméadacht (lena n-áirítear logleabhair leictreonacha agus pháipéir), agus ar an ngabháil;

(ii) cumarsáid a dhéanamh tráth ar bith le hionadaithe iomchuí ón institiúid eolaíoch nó ón údarás intíre;

(iii) a áirithiú go mbeidh rochtain ag an mbreathnóir ar an leictreonaic agus ar threalamh eile a bhaineann leis an iascaireacht, lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta dó:

– Trealamh loingseoireachta satailíte;

– Modhanna leictreonacha cumarsáide.

(iv) a áirithiú nach ndéanfaidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar crioscaíl le trealamh nó doiciméadacht de chuid an bhreathnóra ná nach ndéanfaidh sé nó sí iad sin a scriosadh; nach gcuirfidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar bac ná treampán ar an mbreathnóir nó nach ngníomhóidh aon duine ar shlí eile a d'fhéadfadh srian nach bhfuil gá leis a chur ar an mbreathnóir a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh.

(c) soláthrófar cóiríocht, lena n-áirítear calú, bia agus áiseanna leordhóthanacha sláintíochta agus leighis, do na breathnóirí, a bheidh ar chomhchaighdeán le cóiríocht na n-oifigeach;

(d) soláthrófar spás leordhóthanach ar an droichead nó sa teach píolóta don bhreathnóir chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, chomh maith le spás ar an deic a bheidh leordhóthanach chun dualgais bhreathnóireachta a chomhlíonadh;

4. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

(a) ceanglóidh sé, i gcomhréir le forálacha an rialacháin seo, go mbeidh breathnóir eolaíoch ar bord a chuid soithí agus speicis ICCAT á n-iascach acu;

(b) déanfaidh sé maoirseacht ar shábháilteacht a chuid breathnóirí;

(c) spreagfaidh sé a institiúid eolaíoch nó a údarás intíre, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, le comhaontuithe a dhéanamh le hinstitiúidí eolaíocha nó le húdaráis intíre i mBallstát nó in CPC eile chun tuarascálacha breathnóirí agus sonraí ó bhreathnóirí a mhalartú eatarthu;

(d) déanfaidh sé faisnéis shonrach maidir le cur chun feidhme Mholadh ICCAT 16-14 a thabhairt ina thuarascáil bhliantúil lena húsáid ag an gCoimisiún agus ag an mBuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh, lena n-áireofar:

(i) na mionsonraí maidir le struchtúr agus dearadh a gclár breathnóirí eolaíocha, lena n-áirítear, *inter alia*:

– an spriocleibhéal den chumhdach breathnóra de réir chineál an iascaigh agus chineál an trealaimh agus, chomh maith leis sin, an chaoi a ndéantar é a thomhas;

– na sonraí is gá a bhailiú;

– na prótacail atá curtha i bhfeidhm maidir le sonraí a bhailiú agus a láimhseáil;

– faisnéis maidir leis an gcaoi a roghnófar soithí le haghaidh cumhdaigh chun spriocleibhéal na mBallstát maidir le cumhdach breathnóra a bhaint amach;

– na ceanglais maidir le traenáil breathnóirí; agus

– na ceanglais maidir le cáilíochtaí breathnóirí;

(ii) an líon soithí ar a ndéanfar faireachán, an leibhéal cumhdaigh a bhainfear amach de réir chineál an iascaigh agus de réir chineál an trealaimh, agus sonraí maidir leis an gcaoi a ndearnadh na leibhéil chumhdaigh sin a ríomh;

(e) tar éis chéadtíolacadh na faisnéise a cheanglaítear faoi mhír (d)(i), athruithe ar struchtúr agus/nó ar dhearadh a chlár breathnóirí a thuairisciú ina thuarascálacha bliantúla i gcás ina dtarlóidh na hathruithe sin, agus sa chás sin amháin. Leanfaidh na Ballstáit de bheith ag tuairisciú na faisnéise is gá de bhun phointe (d) (ii) don Choimisiún gach bliain.

(f) gach bliain, agus úsáid á baint as na formáidí leictreonacha ainmnithe arna bhforbairt ag an mBuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh, tuairisceoidh siad don Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh faisnéis arna bailiú trí chláir breathnóirí intíre lena húsáid ag an gCoimisiún, go háirithe le haghaidh an mheasúnaithe a dhéanfar ar an stoc agus chun críocha eolaíocha eile, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le ceanglais eile i leith tuairisciú sonraí agus atá comhsheasmhach le ceanglais rúndachta intíre.

(g) áiritheoidh sé go gcuirfidh a chuid breathnóirí prótacail láidre maidir le bailiú sonraí chun feidhme, le linn dóibh a ndualgais dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích, lena n-áirítear, de réir mar is gá agus is iomchuí, grianghrafadóireacht a úsáid.’

(31) Cuirtear míreanna 4 agus 5 le hAirteagal 66:

'4. Déanfaidh gach Ballstát iniúchadh gach bliain ar 5 % ar a laghad d'oibríochtaí teacht i dtír agus trasloingsithe a dhéanfaidh soithí iascaireachta tríú tír ina gcalafoirt ainmnithe.

5. Déanfaidh na Ballstáit bhrataí tuarascálacha ar sháruithe ó chigirí Stát an chalafoirt a mheas agus gníomhóidh siad dá réir mar a ghníomhódh siad i gcás tuarascálacha óna gcigirí féin, i gcomhréir lena dlíthe náisiúnta.'

(32) Cuirtear isteach Airteagal 66bis:

*'Airteagal 66bis*

***Soithí a aimsiú***

1. Baileoidh na Ballstáit a oiread faisnéise is féidir, trí oibríochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanfaidh a n-údaráis inniúla i limistéar Choinbhinsiún ICCAT, i gcás ina n-aimseofar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, soitheach iascaireachta tríú tír nó soitheach nach bhfuil náisiúntacht aici mbun iascaireachta nó i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht (e.g., trasloingsiú), agus measfar iad a bheith ag gabháil d'iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN).

2. Baileoidh na Ballstáit faisnéis maidir le soithí a aimseofar i gcomhréir leis an mbileog faisnéise aimsithe a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le Moladh ICCAT 19-09.

3. I gcás ina n-aimseofar soitheach de bhun mhír 1, tabharfaidh an Ballstát a aimseoidh í fógra gan moill mhíchuí d'údaráis iomchuí Bhallstát brataí, CPC nó pháirtí comhoibritheach neamhchonarthach brataí an tsoithigh a aimsíodh agus soláthróidh sé aon íomhá thaifeadta den soitheach dóibh, agus:

a) i gcás ina mbeidh bratach Ballstáit ar foluain ar an soitheach a aimseofar, déanfaidh an Ballstát brataí, gan moill mhíchuí, gníomhaíocht iomchuí i ndáil leis an soitheach i gceist. An Ballstát a aimseoidh an soitheach agus Ballstát brataí an tsoithigh a aimseofar, soláthróidh siad araon faisnéis maidir leis an amharc don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), lena n-áirítear sonraí i dtaca le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanfar;

b) i gcás ina mbeidh bratach CPC eile, bratach neamh-CPC nó bratach neamhchinntithe ar foluain ar an soitheach a aimseofar nó i gcás nach mbeidh náisiúntacht aici soláthróidh an Ballstát a aimseoidh an soitheach gach faisnéis iomchuí a bhaineann leis an amharc don Choimisiún agus do EFCA, gan moill mhíchuí. Tabharfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, an fhaisnéis aimsithe do Rúnaíocht ICCAT.

(33) In Airteagal 71(1), cuirtear an dáta 'an 1 Lúnasa' in ionad 'an 20 Lúnasa'.

(34) Leasaítear Airteagal 73 mar a leanas:

(a) i bpointe (a) cuirtear 'Iarscríbhinn I' isteach in ionad na tagartha d'Iarscríbhinn II,

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(j) teorainneacha acmhainneachta maidir le tuinníní trópaiceacha faoi Airteagal 5a a bhaineann le tuairisciú an phlean bhliantúil acmhainneachta/iascaireachta dá dtagraítear i mír 2, chomh maith leis an líon soithí tacaíochta dá dtagraítear i mír 3;

(k) pleananna bainistíochta i leith FADanna faoi Airteagal 9 maidir leis an líon baoithe gléasta dá dtagraítear i mír 4;

(l) ceanglais le haghaidh FADanna faoi Airteagal 10(1);

(m) faisnéis atá le cur isteach maidir le cur in úsáid FAD ar shoithí faoi Airteagal 11(1), faisnéis agus faisnéis tuairiscithe dá dtagraítear i mír 2, agus bailiú agus tuairisciú faisnéise i dtaca le cailleadh FAD dá dtagraítear i mír 3;

(n) tréimhsí chun cur in úsáid FAD a thoirmeasc faoi Airteagal 14(1), agus cumhdach íosta breathnóra faoi Airteagal 14(2);

(o) srianta ar an líon soithí a dhéanann iascaireacht ar thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh faoi Airteagal 17;

(p) tabhairt anonn bhliantúil na dtuinníní mórshúileacha faoi Airteagal 8a;

(q) tabhairt anonn bhliantúil thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh agus thuinníní colgacha an Atlantaigh Theas faoi Airteagal 17b;

(r) tabhairt anonn bhliantúil cholgáin an Atlantaigh Thuaidh agus an Atlantaigh Theas faoi Airteagal 18b;

(s) plean bainistíochta um cholgáin an Atlantaigh Thuaidh faoi Airteagal 18;

(t) coinníollacha chun gabháil a údarú agus chun mácónna biorshrónacha a choinneáil faoi Airteagal 33(2);

(u) ceanglais chun go dtiocfaidh a oiread turtar mara agus is féidir slán faoi Airteagal 41;

(v) céatadán íosta an chumhdaigh breathnóra faoi Airteagal 61(1)(a) agus tomhas chéatadán an chumhdaigh faoi Airteagal 61(2).’

(35) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2107.

*Airteagal 2*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) ../2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627***

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) XXX/2022 mar a leanas:

(1) In Airteagal 7, cuirtear na pointí (a) agus (b) seo a leanas isteach i mír (...):

‘a) déanfaidh na Ballstáit feirme dearbhú i dtaca le tabhairt anonn bhliantúil a chomhlánú agus a tharchur chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 25 Bealtaine.

Áireofar an méid seo a leanas i ndearbhú den sórt sin:

- cainníochtaí (arna sloinneadh ina kg) agus líon na n-iasc a bheartaítear a thabhairt anonn,
- bliain na gabhála,
- meánmheáchan,
- CPC brataí,
- tagairtí don Doiciméad um Ghabháil Tuinníní Gorma (DGTG) a chomhfhreagraíonn do na gabhálacha a thugtar anonn,
- ainm agus uimhir ICCAT na feirme,
- uimhir an chaighin, agus
- faisnéis maidir leis na cainníochtaí a buaineadh (arna sloinneadh ina kg), tráth dheireadh na buainte.

b) déanfar cainníochtaí a thabharfar anonn i gcomhréir leis an mír thuas a chur i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean ar an bhfeirm ar bhonn na bliana inar gabhadh iad.'

(2) In Airteagal (46), cuirtear na pointí (a) agus (b) seo a leanas isteach i mír (...):

'a) Ní chuirfidh na Ballstáit tuinníní gorma i bhfeirm nach mbeidh údaraithe ag an mBallstát ná ag CPC nó nach mbeidh liostaithe i dtaifead ICCAT maidir le saoráidí feirmeoireachta.

b) Áiritheoidh Ballstáit feirme go gcuirfear gabhálacha tuinníní gorma i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean agus go ndéanfar iad a dheighilt ar bhonn thionscnamh an Bhallstáit brataí nó CPC. De mhaolú air sin, má ghabhtar na tuinníní gorma i gcomhthéacs comhoibríochta iascaireachta (COI) idir Ballstáit éagsúla, áiritheoidh na Ballstáit feirme go gcuirfear tuinníní gorma i gcaighin ar leithligh nó i sraitheanna ar leithligh caighean agus go ndéanfar iad a dheighilt bunaithe ar chomhoibríochtaí iascaireachta.'

*Airteagal 3*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*